
Cód Comhlíonta do Cháiníocóirí ÍMAT

RPC011119_GA_WB_L_1

mochúrsaí

Is pointe rochtana singil é **mochúrsaí** le haghaidh seirbhísí slána uile na gCoimisinéirí Ioncaim (seachas ROS) agus is í seo an tslí is tapúla agus is éasca chun do chúrsaí cánach a bhainistiú.

Chun teacht ar **mochúrsaí**, ní mór duit a bheith cláraithe ar dtús. Tá an próiseas clárúcháin ar **www.revenue.ie** simplí le húsáid agus nuair atá tú cláraithe, cuirfear pasfhocal sealadach chugat.

Beidh tú in ann réimse seirbhísí Cánach a rochtain ó **mochúrsaí** ar nós:

- Seirbhísí PAYE: éiligh creidmheasanna agus aisíocaíochtaí, dearbhaigh ioncam, cuir tuairisceán isteach agus cuir do phost nó do phinsean nua isteach
- Cáin Mhaoine Áitiúil (CMÁ)
- An Dreasacht Athchóirithe Tí (DAT)
- Imréiteach Cánach
- Íocaíochtaí
- M'Fhiosruithe
- Rianaire Admhálacha

I measc na mbuntáistí atá ag **mochúrsaí** tá:

- Seirbhís thapa, áisiúil, éasca agus slán.
- Rochtain 24 uair, 365 lá.
- Pasfhocal amháin do sheirbhísí ar líne uile.
- Aisghabháil phras de phasfhocail i ndearmad (don chuid is mó).
- Inrochtaineacht ag úsáid gléasanna iolracha (ríomhaire deisce, fón cliste, táibléad, srl).
- Nuashonrú ar shonraí próifíle, athrú seoladh san áireamh.

Chun breis eolais a fháil féach www.revenue.ie/mochúrsaí.

Freastal ar an bpobal

trí chánacha agus dhleachtanna a bhailiú

agus rialúcháin chustaim a chur i ngníomh

go cothrom agus go héifeachtúil

Innéacs

| | |
|--|-----------|
| 1. Achoimre | 6 |
| Leideanna d'Íocóirí Cánach ÍMAT maidir le Comhlíonadh | 7 |
| 2. Réamhrá | 8 |
| 3. Réim an Chóid Chomhlíonta | 9 |
| 4. Cúrsaí Cánachais a Chur ina gCeart | 10 |
| 4.1 Dearbhú a dhéanamh faoi Earráid Neamhurchóideach | 11 |
| 4.2 Féincheartú a Dhéanamh..... | 11 |
| 4.3 Nochtadh Cáilitheach a Dhéanamh | 11 |
| 5. Braith agus Dul i nGleic le Neamhchomhlíonadh | 12 |
| 5.1 Roghnú Cásanna | 13 |
| 5.2 Breithmheas Cásanna..... | 13 |
| 6. Idirghabhálacha Comhlíonta ÍMAT | 14 |
| 6.1 Fiosrú Gné | 14 |
| 6.2 Agallamh Próifíle | 14 |
| 6.3 Iniúchadh nó Imscrúdú..... | 14 |
| 6.4 Fógra agus doiciméadú ag teastáil | 15 |
| 6.5 Na tréimhsí atá clúdaithe | 15 |
| 6.6 Torthaí a d'fhéadfadh a bheith air..... | 16 |
| 6.7 Tabhairt chun Críche | 16 |
| 7. Ús | 17 |
| 7.1 Ús a Ghearradh ar Ghearríocaíochtaí a nEascraíonn as Éilimh Mhíchearta a Rinneadh ar nó i ndiaidh an 6 Feabhra 2011 (féach freisin Cuid 9 thíos) | 17 |
| 7.2 Ús a Ghearradh ar Ghanníocaíochtaí lena n-áirítear Éilimh Mhíchearta a Rinneadh ar nó i ndiaidh an 6 Feabhra 2011 | 18 |
| 8. Pionóis | 19 |
| 8.1 Pionós a Ardú..... | 19 |
| 8.2 Méideanna an Phionóis..... | 19 |
| 8.3 Pionóis a mheasann Cúirt Ábhartha | 21 |
| 9. Bearta Breise a Bhaineann le Creidmheas Cánach Mícheart a Éileamh | 22 |
| 9.1 Pionóis ar dhaoine a chuidíonn le daoine eile nó a aslaíonn iad | 22 |
| 10. Pionóis mar gheall ar Mhainneachtain Tuairisceán Cánach a Sholáthar | 22 |

| | |
|---|-----------|
| 11. Foilsiú | 23 |
| 12. Méideanna breise a íoc | 24 |
| 13. Éilimh maidir le “hÉagumas Íocaíocht a Dhéanamh” | 25 |
| 14. Ionchúiseamh cásanna ina bhfuil calaois i gceist | 26 |
| Aguisín 1 – Tairiscint Réitigh | 27 |
| Aguisín 2 – Tábla na bPionós | 28 |
| Aguisín 3 – Fógra Tuairime..... | 29 |
| Aguisín 4 – Foirm do Chomhaontú faoi Shocrú maidir le hÍocaíocht Chéimnithe..... | 30 |
| Aguisín 5 – An Reachtaíocht i leith Cumhachtaí agus Pionós..... | 31 |

1. Achoimre

Ceapadh an cód comhlíonta i gcomhair cáiníocóirí Íoc Mar a Thuillir (ÍMAT) chun beartas soiléir, comhsheasamh a sholáthar maidir leis na hidirghabhálacha comhlíonta a dhéanann na Coimisinéirí Ioncaim chun neamhchomhlíonadh a bhrath agus a dhíspreagadh.

I gcás formhór na gcáiníocóirí ÍMAT bíonn an méid ceart **cánach**¹ asbhainte ag deireadh gach bliana ag a bhfostóirí as an méid a thuilleann siad sa chaoi nach mbeidh aon aisíocaíocht chánach ag dul dóibh ná aon cháin bhreise le hÍoc acu. Mar sin féin, i gcásanna áirithe beidh an méid mícheart cánach bailithe nó aisíoctha de bharr earráidí neamhurchóideacha agus ní bheidh aon locht ar an gcáiníocóir dá bharr ach i gcásanna eile tarlóidh sé mar gheall ar iompar míchúramach nó de bharr bearta a rinne an cáiníocóir d'aon ghnó.

Tá cuntas imlíne sa Chód Comhlíonta do cháiníocóirí ÍMAT ar na sonraí maidir le:

- Raon feidhme an Chóid Chomhlíonta seo, .i. na ndaoine sin lena mbaineann sé
- Cúrsaí cánachais a chur ina gceart nuair a thugtar earráid faoi ndeara
- Dul i ngleic le neamh-chomhlíonadh lena n-áirítear idirghabhálacha ÍMAT agus na torthaí a d'fhéadfadh a bheith orthu
- Muirir úis a d'fhéadfadh a bheith i gceist in aon cháin bhreise
- Pionóis éagsúla a d'fhéadfadh a bheith i bhfeidhm ar mhainneachtana cánach ag eascairt as iompar míchúramach nó
- iompar d'aon turas de chuid an cháiníocóra ÍMAT
- Bearta a bhaineann le daoine a chabhraíonn le daoine eile nó a aslaíonn iad go feasach nó trí easpa cúraim éilimh mhíchearta a dhéanamh chuig na Coimisinéirí Ioncaim nó ráiteas nó dearbhú mícheart a sholáthar dóibh
- Pionóis mar gheall ar mhainneachtain tuairisceán cánach a sholáthar
- Foilsiú na mainneachtana cánach nuair a chomhlíontar critéir áirithe
- Na modhanna íocaíochta atá ar fáil chun íoc as dlíteanas breise
- Éilimh maidir le 'hÉagumas Íocaíocht a Dhéanamh' i gcás cánach breise a eascraíonn as idirghabhálacha comhlíonta ÍMAT
- Ionchúiseamh cásanna ina bhfuil calaois i gceist.

Tháinig an Cód seo i bhfeidhm ón 18 Samhain 2013. Déanfar gach idirghabháil comhlíonta a dhéanann na Coimisinéirí Ioncaim ón dáta sin faoi théarmaí an Chóid seo.

¹ Nuair a dhéantar tagairt do cháin sa cháipéis seo is éard a bhíonn i gceist dlíteanas an duine aonair i leith cánach ioncaim agus an Mhuirir Shóisialta Uilígh (MSU).

Leideanna d'Íocóirí Cánach ÍMAT maidir le Comhlíonadh

Ba cheart do cháiníocóirí ÍMAT a chinntiú i gcónaí go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas faoi na tosca go léir a bhfuil tionchar acu ar an méid cánach a bhaintear as an méid a thuilleann siad.

Leideanna úsáideacha iad seo a leanas do cháiníocóirí ÍMAT faoi chúrsaí comhlíonta:

- Ba cheart do cháiníocóirí a nDeimhnithe Creidmheasa Cánach (DCC) a sheiceáil gach bliain agus deimhin a dhéanamh de i gcás na gcreidmheasanna cánach a tugadh dóibh go bhfuil siad i dteideal iad a bheith acu agus go bhfuil siad ag éileamh gach chreidmheas cánach a bhféadfadh siad a bheith i dteideal a éileamh. Más mian le cáiníocóir cóip a fháil dá DCC d'féadfaidh sé nó sí:
 - 1) Amharc nó priontáil DCC ar Sheirbhísí ÍMAT na gCoimisinéirí Ioncaim i **mochúrsaí** (cliceáil ar 'Mo Chuid Doiciméad'). Feic leathanach 2 i gcomhar tuilleadh sonraí maidir le **mochúrsaí**, nó
 - 2) Glaoch teileafóin a chur ar uimhir náisiúnta teagmhála fóin a bhaineann le ÍMAT ná (01) 738 3636.
- D'fhéadfadh cáiníocóir a bheith neamhchinnte faoina t(h)eidlíocht ar chreidmheas cánach nó d'fhéadfadh siad a bheith ag iarraidh na critéir a cheadódh dó nó dí cáiliú do creidmheas cánach a sheiceáil. Sna cúinsí seo, féadfaidh sé nó sí suíomh gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim a sheiceáil ag **www.revenue.ie** nó glaoch ar (01) 738 3636.
- Ní ceart do cháiníocóirí glacadh leis go bhfuil rochtain ag na Coimisinéirí Ioncaim ar gach faisnéis cothrom le dáta faoina ndálaí féin. Dá bhrí sin, tá an dualgas ar na cáiníocóirí na Coimisinéirí Ioncaim a choinneáil ar an eolas faoi aon athruithe a thagann ar a ndála a d'fhéadfadh difríocht a dhéanamh dá dteidlíochtaí i leith creidmheasanna cánach. Go háirithe, ba cheart athruithe seoltaí agus "imeachtaí móra saoil" mar phósadh nó idirscartha a chur in iúl do na Coimisinéirí Ioncaim a luaithe agus is féidir.
- Ní mór do cháiníocóirí na doiciméid ábhartha go léir a choinneáil le tacú le héilimh ar chreidmheasanna cánach, ar fhaoisimh, ar liúntais, srl (m.sh. ní mór admhálacha a bheith ag cáiníocóirí atá ag éileamh costais leighis le tacú leis na costais atá á n-éileamh acu). Ní mór gach doiciméad tacaíochta a choimeád ar feadh **tréimhse sé bliana ó dheireadh na bliana sin dá dtagraíonn an t-éileamh nó an dliteanas**.
- Tá sé tábhachtach a insint do na Coimisinéirí Ioncaim faoi aon ioncam neamh-ÍMAT eile, m.sh. ioncam cíosa, díbhinní, pinsin nó íocaíochtaí srl. na Roinne Coimirce Sóisialaí. Tá aon ioncam breise neamh-ÍMAT faoi réir cánach agus is ar an gcáiníocóir atá an dualgas a chinntiú go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas faoi aon ioncam breise den sórt sin atá aige nó aici le gur féidir an dliteanas ceart cánach a ríomh agus a bhailiú.
- Ba chóir don cháiníocóir freagra a thabhairt ar aon cheist ó na Coimisinéirí Ioncaim maidir lena c(h)úrsaí cánach a luaithe agus is cuimsithí agus is féidir.
- Má iarrann na Coimisinéirí ar cháiníocóir tuairisceán cánach ioncaim a chomhlánú, ba chóir dóibh é sin a dhéanamh a luaithe agus is féidir, ag cur é ar ais ar dháta nach déanaí ná an 31 Deireadh Fómhair sa bhliain tar éis na bliana lena mbaineann sé.

Is é an bealach is tapúla agus is fusa do cháiníocóirí chun a ngnóthaí cánach a choinneáil suas chun dáta ná seirbhís **mochúrsaí na gCoimisinéirí a úsáid.**

Deireadh Fómhair 2018

2. Réamhrá

Leagtar amach sa **Chairt um Sheirbhís do Chustaiméirí** na gnéithe bunúsacha amach den seirbhís lena bhfuil na cáiníocóirí i dteideal agus lena bhfuil na Coimisinéirí loncaim ag súil go mbainfidh na cáiníocóirí amach.

Is iad na fostóirí a chuireann an córas ÍMAT i bhfeidhm trí cháin a bhaint as tuarastal nó as pá a gcuid fostaithe agus na suimeanna sin (chomh maith le ÁSPC) a íoc leis na Coimisinéirí loncaim thar ceann a gcuid fostaithe. Déanann na fostóirí na hasbhaintí cánach sin de bhun fógra a fhaigheann siad ó na Coimisinéirí loncaim ag tús gach bliana ina leagtar amach teidlíochtaí a bhfostaithe i leith creidmheasanna cánach agus bandaí na rátaí cánach atá acu don bhliain sin.

Socraíonn na Coimisinéirí loncaim teidlíochtaí creidmheas cánach agus bandaí ráta cánach an fhostaí ar bhonn na faisnéise is déanaí atá ar fáil dóibh faoi chúinsí pearsanta an cháiníocóra, na héilimh chreidmheasa cánach a rinne an fostaí roimhe sin agus sonraí a c(h)uid fostaíochta.

I gcás formhór na gcáiníocóirí bíonn an méid ceart cánach asbhainte ag a bhfostóirí ag deireadh na bliana. Mar sin féin éilítear roinnt faoiseamh cánach m.sh. costais sláinte de gnáth tar éis dheireadh na bliana agus d'fhéadfadh teidlíochtaí i leith aisíocaíochtaí a bheith i gceist ansin.

I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh gearríocaíochtaí cánach tarlú de bharr na rudaí seo a leanas:

- Creidmheasanna, liúntais agus faoisimh chánach a deonaíodh nach raibh an cáiníocóir i dteideal a fháil
- Athrú ar chúinsí pearsanta an cháiníocóra a chiallaíonn nach bhfuil creidmheasanna, faoisimh agus liúntais áirithe cánach aige nó aici a thuilleadh
- Coigeartuithe beaga a rinneadh ar ioncam neamh-ÍMAT, m.sh. ioncam cíosa, a ngearrtar cáin air faoin gcóras ÍMAT
- Cailliúint teidlíochta maidir le díolúine ó cháin nó ráta laghdaithe MSU.

Ar an dtaobh eile, i gcásanna áirithe, d'fhéadfadh ró-íocaíochtaí cánach tarlú de bharr na rudaí seo a leanas:

- Creidmheasanna, liúntais agus faoisimh chánach nár éilíodh ach a raibh an cáiníocóir i dteideal a bheith aige nó aici
- Athrú ar chúinsí pearsanta an cháiníocóra a chiallaíonn gur cheart go mbeadh creidmheasanna, faoisimh agus liúntais áirithe cánach aige nó aici
- Caithefear díolúine ó cháin nó ráta laghdaithe MSU a chur i bhfeidhm.

Tá sé de dhualgas ar an gcáiníocóir an oiread faisnéise cothrom le dáta a sholáthar do na Coimisinéirí loncaim agus is féidir faoi na cúinsí go léir a mbíonn tionchar acu ar an méid cánach a asbhaintear as an méid a thuilleann sé nó sí. A luaithe is a chuirtear na Coimisinéirí loncaim ar an eolas faoi aon athruithe amhlaidh is ea is fearr é. Ní ceart do cháiníocóirí glacadh leis go bhfuil rochtain ag na Coimisinéirí loncaim ar gach faisnéis cothrom le dáta faoina ndálaí féin.

3. Réim an Chóid Comhlíonta

Baineann Cód seo le cáiníocóirí ÍMAT agus rialaíonn sé idirghabhálacha comhlíonta i gcásanna ÍMAT **seachas** iniúchtaí agus imscrúduithe atá faoi rialú ag “**Cód Cleachtais maidir le hIniúchadh Cánach agus Idirghabhálacha Comhlíonta eile**”.

Cuirtear an “Cód Cleachtais maidir le hIniúchadh Cánach agus Idirghabhálacha Comhlíonta eile” i bhfeidhm i gcás:

- Daoine inmhuirearaithe
- Fostóirí agus cuideachtaí i gcoitinne
- Cháiníocóirí ÍMAT nuair a chuirtear tús le hiniúchadh nó le himscrúdú (féach **Codanna 5.2 agus 6.3**).

Áirítear mar dhaoine inmhuirearaithe stiúrthóirí cuideachtaí dílsithe (iad siúd ar leo féin níos mó ná 15% den chuideachta) agus iad siúd atá cláraithe nó ar chóir dóibh a bheith cláraithe do Cháin Ioncaim faoin gcóras ‘Féinmheasúnaithe’.

Chun críocha an Chóid Comhlíonta ÍMAT seo glactar leis **go hiondúil** gurb ionann cáiníocóir ÍMAT agus duine aonair:

- ar a ngearrtar cáin ar a p(h)ríomhfhoinsé ioncaim tríd an gcóras ÍMAT, agus
- má tá aon ioncam neamh-ÍMAT aige nó aici (mar shampla ioncam cíosa) go ngearrtar cáin ar an ioncam sin trína c(h)reidmheasanna cánach agus a b(h)andaí cánach a laghdú (“có dú” a thugann na Coimisinéirí Ioncaim air seo), agus
- tá ollioncam neamh-ÍMAT níos lú ná €30,000 (€50,000 do bhlianta suas go dtí 2015 agus an bhliain sin san áireamh) agus is ionann a nglanioncam neamh-ÍMAT (más ann dó) €5,000 (€3,174 do bhlianta suas go dtí 2015 agus an bhliain sin san áireamh) nó níos lú agus tá an glanioncam neamh-ÍMAT ‘có daithe’.

Cé go bhfuil na híocaíochtaí seo a leanas inchánach ní chuirtear san áireamh iad nuair a bhíonn “ioncam neamh-ÍMAT” duine á áireamh:

- Íocaíochtaí agus pinsin na Roinne Coimirce Sóisialaí
- Íocaíochtaí cothabhála a fuarthas atá infhorghníomhaithe le dlí, seachas an chuid/na codanna den íocaíocht a thagraíonn do leanbh no leanaí.

Inatheannta sin, ní laghdaíonn an Cód seo, ar shlí ar bith, ról an fhostóra an córas ÍMAT a oibriú i gceart agus go cruinn de réir na reachtaíochta cánach, na Rialachán ÍMAT agus Treoracha na gCoimisinéirí Ioncaim. “Cód Cleachtais maidir le hIniúchadh Cánach agus Idirghabhálacha Comhlíonta eile” idirghabhálacha comhlíonta chun feidhmiú ceart an chórais ÍMAT ag fostóirí a dheimhniú.

4. Cúrsaí Cánachais a Chur ina gCeart

Féadfaidh cáiníocóirí ÍMAT earráidí ina gcúrsaí cánach a cheartú trí theagmháil a dhéanamh leis na Coimisinéirí loncaim chun sonraí a thabhairt faoi aon earráid(i). Go háirithe, féadfaidh gearríoacaíochtaí cánach tarlú sa chás go mbíonn creidmheasanna, faoisimh nó liúntais cánach á bhfáil ag an gcáiníocóir nach bhfuil sé nó sí i dteideal a fháil agus nach gcuireann sé nó sí na Coimisinéirí loncaim ar an eolas fúthu. Mar an gcéanna is féidir ráta laghdaithe MSU a dheonú do cháiníocóir nach bhfuil sé nó sí i dteideal a fháil.

Molann na Coimisinéirí loncaim go láidir do cháiníocóirí a insint d'oifig áitiúil na gCoimisinéirí loncaim faoi aon ábhar nach bhfuil siad cinnte faoi nó aon rud atá ina ábhar imní acu. Má bhaineann na ceisteanna sin le cúrsaí na bliana reatha is féidir iad a chur ina gceart go réidh agus bíonn an tionchar is lú acu ar an gcáiníocóir. Más rud é nach bhfaigheann an cáiníocóir amach faoi na ceisteanna sin go dtí tar éis deireadh na bliana, is cuma má bhaineann siad leis an mbliain dheireanach nó le blianta roimhe sin, féadfaidh an té sin a chúrsaí a thabhairt chun rialtacha trí fhógra a thabhairt do na Coimisinéirí loncaim faoi na sonraí ábhartha go léir.

Is féidir mainneachtain a cheartú ar aon cheann de na bealaí seo a leanas:

- A dhearbhu go bhfuil earráid neamhurchóideach déanta
- Féincheartú a dhéanamh ar an earráid
- “Nochtadh cáilitheach” a dhéanamh.

Braithfidh na roghanna a bheidh ag an gcáiníocóir ar mhian leis nó léi a c(h)úrsaí cánach a chur ina gchart ar an mbeart nó ar an iompar nó ar an neamhghníomh a ba chúis leis an mhainneachtain chánach. Is iad seo a leanas na gníomhartha nó iompair a chuirfear san áireamh:

Earráid Neahurchóideach: ní d'aon ghnó a rinneadh an mhainneachtain chánach agus ní in aon tslí de bharr gur theip an cháiníocóra aire réasúnta a thógaint chun a (h)oibleagáidí cánach a chomhlíonadh.

Iompar míchúramach: easpa cúraim chuí trína laghdaítear méid na ndliteanas atá ar an gcáiníocóir nó trína mhéadaítear díolúine ó cháin. D'fhéadfadh sé sin tarlú de bharr éilimh mhíchearta a dhéanamh ar chreidmheasanna, ar liúntais nó ar fhaoisimh cánach nó trí fhaisnéis mhíchearta a sholáthar atá riachtanach chun aisíocaíochtaí a éileamh, m.sh. costais mhíchearta sláinte a éileamh nó sonraí míchearta a sholáthar faoi phá nó faoi cháin asbhainte.

Gníomhartha a rinneadh d'aon ghnó: baineann sé sin le sárú oibleagáidí cánach nuair a bhí sé sin ar **intinn** ag an gcáiníocóir nó gur tharla sárú nach leor easpa cúraim nó earráid neamhurchóideach an cháiníocóra lena mhíniú.

I gcás go bhfuil comh-mhéid mainneachtain chánach nó dleachta duine níos lú ná €6,000 agus nach bhfuil an mhainneachtain sa chatagóir de bhun tola, ní bheidh an duine dlite do phionós de bharr na mainneachtana.

Is cuma conas a tharla an mhainneachtain chánach ní mór íocaíocht a dhéanamh chun an ghearríoacaíocht a réiteach. Is féidir é sin a dhéanamh le híocaíocht amháin nó trí shocrú a dhéanamh leis na Coimisinéirí loncaim chun íocaíochtaí céimnithe a dhéanamh (féach **Cuid 12**).

4.1 Dearbhú a dhéanamh faoi Earráid Neamhurchóideach

Is mian leis na Coimisinéirí loncaim a chinntiú nach gcuirfeadh pionóis ró-throma i bhfeidhm i gcás earráidí neamhurchóideacha. Ní bheidh pionós iníoctha i leith mainneachtana cánach má tá an cásoibrí sásta nach ndearnadh an mhainneachtain chánach d'aon ghnó agus nár tharla sí ar bhealach ar bith toisc gur theip an gcáiníocóir cúram réasúnta a dhéanamh a (h)oibleagáidí cánach a chomhlíonadh.

Más mian le cáiníocóir earráid neamhurchóideach a dhearbhu ní mór don té sin na Coimisinéirí loncaim a chur ar an eolas faoi na coigeartuithe atá le déanamh ar a c(h)úrsaí cánach, an chúis a bhí leis an earráid neamhurchóideach a mhíniú chun sástacht na gCoimisinéirí loncaim agus socrú oiriúnach a dhéanamh leo chun an earráid a cheartú.

4.2 Féincheartú a Dhéanamh

Ceadóidh na Coimisinéirí loncaim do cháiníocóirí ÍMAT **féincheartú** a dhéanamh ar earráid nó easnamh ag eascairt as iompar míchúramach nó iompar d'aon turas neamh-athfillteach.”

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil tairbhe an “fhéincheartaithe” ar fáil i gcás go bhfuil an t-iompar d'aon turas athfillteach nó i gcás go ndearna na Coimisinéirí loncaim teagmháil cheana leis an gcáiníocóir maidir lena g(h)nóthaí cánacha

Ceadóidh na Coimisinéirí loncaim don cháiníocóir **‘féincheartú a dhéanamh gan phionós’** má bhaineann na coinníollacha seo a leanas:

- Cuirtear an féincheartú in iúl do na Coimisinéirí loncaim **laistigh de 12 mhí den dáta dlite** chun an tuairisceán lena mbaineann an coigeartú a chomhdú
- Caithfidh an cáiníocóir na Coimisinéirí loncaim a chur ar an eolas i **scríbhinn** maidir leis na coigeartuithe atá le déanamh.

Cé nach n-eascróidh aon phionós sna cúinsí seo, tabhair faoi deara go bhféadfadh táille úis a bheith i gceist.

4.3 Nochtadh Cáilitheach a Dhéanamh

I gcás nach gceartaíonn an cáiníocóir féin an earráid agus nach earráid neamhurchóideach í féadfaidh sé nó sí **nochtadh cáilitheach gan iarradh** a dhéanamh am ar bith sula ndéantar idirghabháil chomhlíonta atá clúdaithe ag an gcód seo nó fiú le linn na hidirghabhála.

Is éard atá i “nochtadh cáilitheach gan iarradh” ná nochtadh na faisnéise agus na sonraí go léir go léir a bhaineann le gach rud is cionsiocair le dliteanas cánach a bhféadfaí pionós a ghearradh dá bharr. Ní mór é a dhéanamh i scríbhinn, é a bheith sínithe ag an gcáiníocóir nó thar a c(h)eann agus iad seo a leanas a bheith in éineacht leis:

- Dearbhú, ar feadh eolais, faisnéise agus tuairime an duine sin, go bhfuil gach ní atá sa nochtadh i gceart agus iomlán
- Íocaíocht an dliteanas mar aon le hús nuair is infheidhme ar an íocaíocht dhéanach sin.

Beidh na buntáistí seo a leanas i gceist i gcás go nglacann na Coimisinéirí Ioncaim le nochtadh cáilitheach:

- Ní bhaineann aon phionós i gcás gur eascair an mhainneachtain chánach mar gheall ar iompar míchúramach agus nach sáraíonn an dliteanas breise iomlán €6,000 nó, má eascraíonn pionós, baineann laghdú suntasach sa phionós ar an mainneachtain chánach
- Ní fhoilsítear an socrú cánach i liosta na mainnitheoirí cánach
- Ní dhéantar imscrúdú ar an gcáiníocóir d'fhonn ionchúiseamh a thionscnamh.

5. Braith agus Dul i nGleic le Neamhchomhlíonadh

Is éard atá i gceist le neamh-chomhlíonadh ná aon ghníomh nó teip gníomh a thógaint a bhfuil dualgas dlithiúil ar cháiníocóir ÍMAT a dhéanamh go cruinn, as a n-éiríonn nach n-íoctar go leor cánach ar a (h)ioncam ó gach foinse, nó go bhfuil sé nó sí ag fáil aisíocaíochta cánach nach bhfuil sé nó sí i dteideal a fháil ag féachaint do na liúntais, do na faoisimh nó do na hasbhaintí srl. a bhfuil sé nó sí i dteideal a bheith aige nó aici. Déanann na Coimisinéirí Ioncaim na hidirghabhálacha seo a leanas chun neamhchomhlíonadh a bhrath agus a dhíspreagadh:

- Fiosraithe Gné
- Agallaimh Phróifíle
- Iniúchthaí
- Imscrúdaithe

D'fhéadfadh scrúdú ar na nithe seo a leanas a bheith i gceist le hidirghabháil chomhlíonta ÍMAT:

- Ioncaim, creidmheasanna cánach, faoisimh agus liúntais fógartha nó neamhfhógartha an cháiníocóra a éilíodh
- Iarratas ar chreidmheas cánach nó éileamh ar aisíocaíocht
- Éileamh ar dhíolúine ó cháin
- Éileamh ar ráta laghdaithe i gcás an MSU
- Ar thuairisceán cánach bliantúil ioncaim (Foirm 12)
- Aon rud eile a théann i bhfeidhm go hábhartha ar asbhaintí cánach.

Cuireann idirghabhálacha comhlíonta ÍMAT dearbhú ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim agus don cháiníocóir faoi na rudaí seo a leanas:

- Gur asbhaineadh an méid cánach ceart as ioncam an cháiníocóra
- Gur éilíodh na creidmheasanna, na liúntais agus na faoisimh chearta cánach nó gur éilíodh na lagduithe cearta maidir le MSU
- Gur fógraíodh gach ioncam
- Gur cuireadh na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas faoi “imeachtaí móra saoil” mar phósadh, scaradh, páirtnéireacht shibhialta, méala, dul ar scor nó colscaradh chomh maith le haon athrú maidir le seoladh
- D’úsáid an cáiníocóir córas ar líne **mochúrsaí** agus aon chórais féinseirbhíse leictreonacha eile i gceart.

5.1 Roghnú Cásanna

Is ar bhonn táscairí éagsúla riosca a roghnaítear cásanna a d’fhéadfaí idirghabháil comhlíonta ÍMAT a dhéanamh orthu. Ina theannta sin roghnaítear líon beag cásanna go randamach a d’fhéadfaí idirghabháil a dhéanamh orthu.

Úsáideann na Coimisinéirí Ioncaim córais shofaisticiúla anailíse ríomhaireachta chun cabhrú leo riosca a aithint. Ina measc tá:

Córas Measúnaithe, Anailíse agus Próifílithe Riosca (REAP)

- Ceapadh REAP chun anailís a dhéanamh ar shonraí (lena n-áirítear raon sonraí thríú páirtí mar ús bainc, íocaíochtaí Rialtais srl) atá ina seilbh ag na Coimisinéirí Ioncaim, nó ar féidir leo iad a fháil, chun anailís a dhéanamh ar na rioscaí atá i gceist. Is ar bhonn rioscaí a thugann an córas tosaíocht do chásanna áirithe agus cuireann sé ar chumas na gCoimisinéirí Ioncaim aird a dhíriú orthu siúd is mó bhfuil sé riachtanach dóibh agus chun an teagmháil is lú a bheith acu le cháiníocóirí comhlíontacha. Cinntíonn sé cothroime trí na rialacha céanna a chur i bhfeidhm ar gach cás.

Creat Riosca Fíor-Ama (RTRF)

- Ceapadh RTRF le cabhrú leis na Coimisinéirí Ioncaim neamh-chomhlíonadh a bhainistiú trí anailís a dhéanamh ar gach idirbheart ÍMAT (m.sh. éilimh ar aisíocaíochtaí) ag baint úsáide as sraith rialacha gnó a ceapadh go speisialta agus as samhlacha anailíseacha tuarthacha chun riosca a mheas. Cinntíonn sé sin cothroime freisin trí na rialacha céanna a chur i bhfeidhm ar gach cás.

5.2 Breithmheas Cásanna

Tugann cásoibrí breithmheas ar dtús ar chás le fáil amach an gá aon rud a dhéanamh faoi. Is é breithmheas an próiseas trína seiceálann cásoibrí an fhaisnéis ábhartha go léir atá i seilbh na gCoimisinéirí Ioncaim maidir leis an gcás nó ar féidir leo teacht uirthi.

De thoradh an bhreithmheasa déanann an cásoibrí moladh faoi cad ba cheart a dhéanamh, .i. fiosrú gné áirithe, agallamh próifíle, iniúchadh nó imscrúdú. Mar mhalairt air sin, féadfaidh an cásoibrí a mholadh nach bhfuil aon ghníomh eile riachtanach nuair atá soiléiriú déanta sa bhreithmheas ar an riosca nó ar na rioscaí.

6. Idirghabhálacha Comhlíonta ÍMAT

Nuair a shocraítear go bhfuil idirghabháil riachtanach, déanfaidh an cásoibrí cinneadh faoin idirghabháil is oiriúnaí ó thaobh an riosca a aithníodh agus a chinnteodh go mbeadh an costas is lú ar na Coimisinéirí Ioncaim agus ag an gcáiníocóir nuair a bheadh aghaidh á thabhairt ar an riosca nó ar na rioscaí.

Neamhaird ar chineal idirghabhála na gCoimisinéirí a dhéantar, éilítear ar an gcáiníocóir comhioibriú go huile is go hiomlán le fiosruithe na gCoimisinéirí.

6.1 Fiosrú Gné

Is éard a bhíonn is ceist le fiosrú gné i gcás cáiníocóirí ÍMAT ná idirghabháil spriocdhírithé chun seiceáil a dhéanamh:

- Ar an riosca nó ar na rioscaí de chineál áirithe, m.sh. éileamh ar chostais sláinte
- Ar chás ar fad, .i. seiceáil a dhéanamh ar gach ceann de na creidmheasanna, na faoisimh, na liúntais, na foinsí ioncaim srl.

Bíonn teagmháil i gcónaí i gceist leis an gcáiníocóir nó lena g(h)níomhaire ar an teileafón, le r-phost, le litir nó trí chuairt a thabhairt air nó uirthi.

6.2 Agallamh Próifíle

Tar éis breithmheas a dhéanamh ar aon chás, d'fheadfadh sé nach bhfuil an riosca/na rioscaí sách soiléir le go ndéileálfaí leo le ceist aghaidhe. Sna cásanna sin, féadfar agallamh próifíle a sceidealú, ina mbeidh cruinniú leis an gcáiníocóir agus agallamh ina bpléifear an riosca / na rioscaí a bhaineann leis an gcás. De ghnáth, ach ní go heisiach, déanfar agallamh próifíle in oifig na gCoimisinéirí Ioncaim áitiúil.

6.3 Iniúchadh nó Imscrúdú

Tar éis breithmheas a dhéanamh ar chás, i gcás go bhfuil riosca cánach suntasach ann, d'fhéadfaí cáiníocóir a roghnú i gcomhair iniúchta nó imscrúdaithe. I gcás go n-eascraíonn sé seo, beidh feidhm ag na nósanna imeachta arna leagan amach sa **“Cód Cleachtais maidir le hIniúchadh Cánach agus Idirghabhálacha Comhlíonta eile”**.

D'fhéadfaí scrúdú orthu seo a leanas a áireamh in Iniúchadh Cánach:

- Tuairisceán cánach
- Dearbhú faoi dhliteanas nó éileamh ar aisíocaíocht
- Ráiteas faoi dhliteanas maidir le Dleacht Stampála
- Scrúdú ar leabhair, ar thaifid agus ar chomhlíonadh dualgais chánach.

Is é is Imscrúdú Cánach scrúdú ar ghnóthaí cáiníocóra i gcás go gcreideann na Coimisinéirí loncaim go láidir gur tharla cionta tromchúiseacha cánach.

Táthar ag súil nach n-eascróidh Iniúchadh nó Imscrúdú Coimisinéirí loncaim ach amháin i líon beag cásanna ÍMAT. Sna cúinsí seo, eiseofar litir maidir le 'Fógra um Iniúchadh Coimisinéirí loncaim' nó 'Fógra um Imscrúdú Coimisinéirí loncaim'.

6.4 Fógra agus doiciméadú ag teastáil

I gcás ina ndéanfar cáiníocóir a roghnú le haghaidh idirghabhála atá clúdaithe ag an gcód seo (fiosrú ghné nó agallamh próifíle), déanfar teagmháil leis an gcáiníocóir agus cuirfear comhairle air nó uirthi faoin leagan amach a bheith ar an idirghabháil. Is féidir an idirghabháil a dhéanamh trí chomhfhreagras, le cuairt nó an dá rud.

Cuirfidh na Coimisinéirí loncaim in iúl don cháiníocóir cén bhliain nó cad iad na blianta a bheidh faoi scrúdú agus cad atá le seiceáil, m.sh. cibé an mbaineann sé go léir le héileamh ar chreidmheasanna nó ar fhaoisimh chánach, nó le foinse ioncaim, srl nó an amhlaidh go mbaineann cuid de leis na rudaí sin. Iarrfar ar an gcáiníocóir (nó ar an ngníomhaire atá aige nó aici) faisnéis agus doiciméid a sholáthar a bhaineann leis an ábhar nó leis na hábhair atá á scrúdú. D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach tuilleadh eolais agus doiciméad a iarraidh de réir mar a leanann an idirghabháil ar aghaidh. D'fhéadfaí an idirghabháil a leathnú amach freisin de réir mar a thagann rioscaí nó ceisteanna eile chun cinn le linn na hidirghabhála.

Ní mór do cháiníocóir gach doiciméad tacaíochta a bhaineann lena (h)éileamh agus aon doiciméad a bhaineann lena d(h)líteanas cánach a choimeád agus a chaomhnú ar feadh **tréimhse sé bliana ó dheireadh na bliana sin dá dtagraíonn an t-éileamh nó an dlíteanas**.

Is iad na taifid atá le coimeád ag cáiníocóir ná taifid den sórt sin a chuireann ar chumas an cháiníocóra tacú le haon ghné dá d(h)líteanas cánach lena n-áirítear aon éileamh maidir le creidmheasanna cánach, faoisimh, liúntais agus asbhaintí chomh maith le haon éilimh ar aisíocaíochtaí.

Tabharfaidh an cásoibrí **fógra 30 lá ar a laghad** don cháiníocóir **chun na doiciméid, na cuntais nó na sonraí atá á éileamh a chur ar fáil**.

6.5 Na tréimhsí atá clúdaithe

Is éard a bhíonn i gceist de gnáth le hidirghabháil chomhlíonta ná go ndéanann na Coimisinéirí loncaim scrúdú ar an mbliain chánach reatha agus ar an mbliain roimhe sin agus i gcásanna áirithe scrúdaíonn siad na blianta roimhe sin freisin. I gcás ina bhfaightear mainneachtain chánach mar gheall ar ghníomh a rinne an cáiníocóir d'aon ghnó féadfaidh na Coimisinéirí loncaim gach bliain ábhartha cánach a scrúdú freisin.

D'fhéadfadh cásoibrí fiosrúcháin a dhéanamh ar éileamh ar chreidmheasanna cánach, ar fhaoisimh, ar laghdú ar an ráta nó díolúine atá déanta ag cáiníocóir, nó aon cheisteanna eile a mbeadh tionchar acu ar dhlíteanas an cháiníocóra am ar bith laistigh de na **ceithre bliana tar éis dheireadh na bliana sin lena mbaineann an t-éileamh nó an dlíteanas**, ach ní bhíonn aon teorainn ama i gceist má tharla an mhainneachtain chánach trí chalaíocht nó trí fhaillí an cháiníocóra.

6.6 Torthaí a d'fhéadfadh a bheith air

Is iad seo a leanas na torthaí a d'fhéadfadh a bheith ag idirghabháil chomhlíonta:

- D'fhéadfadh aisíocaíocht cánach a bheith dlite
- D'fhéadfadh sé tarlú nach mbeadh aon cháin bhreise dlite
- Tarraingítear creidmheas cánach siar
- D'fhéadfadh cáin bhreise a bheith dlite
- D'fhéadfadh cáin agus ús breise ar íocaíocht dheireanach a bheith dlite (feic **Cuid 7**)
- D'fhéadfadh cáin agus pionóis bhreise a bheith dlite (feic **Cuid 8**)
- D'fhéadfadh cáin agus ús breise ar íocaíocht dheireanach agus pionóis a bheith dlite
- D'fhéadfaí an mhainneachtain chánach a fhoilsiú dá sásófaí critéir áirithe (féach **Cuid 11**)
- Is féidir fiosrú a fhorfhéadú agus iniúchadh nó imscrúdú a dhéanamh air
- I roinnt cásanna, d'fhéadfaí ionchúiseamh coiriúil a thionscnamh (féach **Cuid 14**).

6.7 Tabhairt chun Críche

Nuair a chríochnaíonn oibrí cáis idirghabháil comhlíonta ÍMAT, cuirfidh sé nó sí an cáiníocóir ar an eolas maidir le haon athrú i ndlíteanas cánach nó má aistarraingíodh creidmheas cánach. I gcás go gcinntear dlíteanas cánach breise, cuirfear an cáiníocóir ar an eolas chomh maith má eascraíonn táille le hús agus / nó más é tuairim na gCoimisinéirí Ioncaim go bhfuil pionós dlite chomh maith.

Cáin

Sna cásanna sin ina n-athraítear dlíteanas cánach an cháiníocóra, .i. má bhíonn cáin bhreise dlite nó aisíocaíocht cánach ag dul dó nó di eiseofar ráiteas cothromaíochta (P21) ina leagfar amach an dlíteanas cánach leasaithe. Is éard atá i P21 ná ráiteas ar ioncam iomlán, ar chreidmheasanna cánach agus ar an gcáin atá íoctha i mbliain chánach ar leith.

Sa chás nach bhfuil aon dlíteanas cánach breise ann scríobhfaidh an cásoibrí chuig an gcáiníocóir nó eiseoidh sé P21 ag dearbhú go bhfuil an scéal amhlaidh.

Tiocfar ar chomhaontú i bhformhór na gcásanna faoin ndlíteanas cánach breise. Sa chás nach n-aontaíonn an cáiníocóir leis an ndlíteanas cánach atá leagtha amach sa P21, tá sé nó sí i dteideal achomharc a dhéanamh i scríbhinn laistigh de 30 lá ina leagfar amach na fáthanna n-aontaíonn sé nó sí leis.

Is féidir achomharc a dhéanamh le Coimisiún na nAchomharc Cánacha (TAC) trí fhoirm 'Fógra Achomhairc' a chomhlánú agus a sheoladh isteach. Tá an fhoirm seo ar fáil ar shuíomh gréasáin TAC www.taxappeals.ie agus tá an seoladh uirthi chun an t-achomharc a sheoladh chuici.

Ús agus Pionóis

I gcás go n-eascaíonn táille le hús agus má tá na Coimisinéirí Ioncaim den tuairim go bhféadfadh pionós a bheith dlite chomh maith, eiseofar litir chuig an gcáiníocóir ina leagfar amach an dliteanas iomlán, lena n-áirítear an méid a leagtar amach sa P21.

Nuair a chuirtear muirear úis nó pionós i bhfeidhm, beidh ar an gcáiníocóir a dhearbhu go n-aontaíonn sé nó sí lena d(h)líteanas iomlán (cáin, ús agus/nó pionós) agus tairiscint réitigh a sheoladh ar aghaidh i scríbhinn. Tá dréacht-tairiscint réitigh leagtha amach in **Aguisín 2**, agus féadfaidh an cáiníocóir í a úsáid chuige sin. Má ghlacann na Coimisinéirí Ioncaim leis an tairiscint réitigh eisítear litir á dhearbhu sin.

Tiocfar ar chomhaontú i bhformhór na gcásanna leis an gcáiníocóir faoin gcáin bhreise, faoin ús agus/nó faoi na pionóis a bheidh i gceist.

Níl ús reachtúil inmhuirir ach amháin ar an dliteanas cánach a aontaítear idir an cáiníocóir nó a g(h)níomhaire agus an oibrí cáis, nó i gcás gur chinn Coimisiún na nAchomharc Cánacha dliteanas tar éis achomhairc. Mar thoradh, ní féidir achomharc a dhéanamh ar ús reachtúil.

I gcás nach ndéantar comhaontú faoi phionós nó nach n-íoctar pionós comhaontaithe féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim Fógra Tuairime a eisiúint agus iarratas a dhéanamh chuig Cúirte Iomchuí i gcomhair cinnidh (féach **Cuid 8.3**).

Íocaíocht

Sa chás go mbíonn cáin bhreise, ús nó pionós i gceist de thoradh idirghabhála comhlíonta ní mór an tsuim iomlán a comhaontaíodh a íoc. Féach **Cuid 12** chun sonraí breise a fháil maidir le méideanna breise a íoc.

7. Ús

I gcás go bhfaightear amach de bhun idirghabhála comhlíonta nár íocadh go leor cánach, beidh feidhm ag muirear i leith úis agus beidh sé iníoctha ar an gcáin atá dlite.

A luaithe is a bhíonn muirear i leith úis i gceist ní mór an t-ús a aisíoc go hiomlán agus ní féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim an muirear úis sin a mhaolú ná a laghdú. Is é an ráta úis a chuirtear i bhfeidhm i láthair na huairé ná 0.0219%² in aghaidh an lae ar an iarmhéid gan íoc, mar atá leagtha amach in Alt 1080(2)(c) den Acht Comhdhlúite Cánacha (ACCán) 1997³.

7.1 Ús a Ghearradh ar Ghearríocaíochtaí a nEascaíonn as Éilimh Mhíchearta a Rinneadh ar nó i ndiaidh an 6 Feabhra 2011 (féach freisin Cuid 9 thíos)

Cuirtear rialacha sonracha i bhfeidhm maidir le hús a gearradh má tharlaíonn gearríocaíocht toisc go ndearna an cáiníocóir éileamh mícheart ar chreidmheasanna cánach, faoisimh, liúntais, laghdú ar an ráta nó díolúine nó toisc gur sholáthar sé nó sí faisnéis mhícheart chun aisíocaíochtaí a éileamh. Baineann na rialacha seo le **héilimh mhíchearta a rinneadh ar nó i ndiaidh an 6 Feabhra 2011** agus is mar seo a leanas atá siad:

- I gcás éilimh mhíchearta a dhéantar i ndiaidh deireadh na bliana cánach, bíonn ús inmhuirearaithe ón dáta a bhfuarthas an t-airgead a eascaíonn as an éileamh mícheart

² Ráta Úis ceart i mí na Nollag 2016.

³ Féach ar Aguisín 8 chun liosta a fháil de na cumhachtaí agus de na pionóis a bhaineann leis an gCód seo.

a rinne an cáiníocóir go dtí an dáta a aisíocfar na fáiltais sin ina n-iomláine leis na Coimisinéirí Ioncaim

- Sa chás go ndeonaítear an sochar maidir le creidmheas nó faoiseamh cánach nó a leithéid i rith na bliana do dheimhniú creidmheasa cánach duine aonair sa chaoi go mbíonn pá glan níos mó ag an té sin dá bharr sin agus gur eisíodh an deimhniú creidmheas cánach sin ar nó roimh an 1 Iúil, beidh feidhm ag an ráta úis ó 1 Iúil na bliana sin go dtí an dáta sin a n-aisíocfar an t-airgead go léir leis na Coimisinéirí Ioncaim, nó
- Sa chás gur eisíodh an deimhniú creidmheas cánach sin ar nó i ndiaidh an 1 Iúil, beidh feidhm ag an ráta úis ón 1 Eanáir ina dhiaidh sin go dtí an dáta sin a n-íocfar an t-airgead go léir ar ais leis na Coimisinéirí Ioncaim.

Sampla:

Cuir i gcás gur éiligh cáiníocóir Creidmheas Cánach Teaghlaigh Aontuismitheora don bhliain chánach 2012, ach tar éis idirghabhála comhlíonta ÍMAT i mí Aibreáin 2013 fuarthas amach go raibh an t-éileamh sin mícheart, is mar seo a leanas a ghearrfaí an t-ús:

- I gcás go ndearnadh an t-éileamh mícheart i ndiaidh deireadh na bliana cánach 2012 agus go bhfuair an cáiníocóir an aisíocaíocht ghaolmhar ar an 11 Feabhra 2013, gheobhadh na Coimisinéirí Ioncaim an tsuim a aisíocadh móide ús ón 11 Feabhra 2013 go dtí an dáta a n-aisíocfaí an tsuim iomlán.
- I gcás go ndearnadh an t-éileamh mícheart ar an 29 Bealtaine 2012 agus gur deonaíodh creidmheas cánach i leith an deimhnithe creidmheasa cánach ar an 30 Bealtaine 2012, gheobhadh na Coimisinéirí Ioncaim ar ais luach iomlán an éilimh móide ús ón 1 Iúil 2012 go dtí an dáta a n-aisíocfaí an tsuim iomlán.
- I gcás go ndearnadh an t-éileamh mícheart ar an 29 Lúnasa 2012 agus gur deonaíodh an creidmheas cánach i leith an deimhnithe creidmheasa cánach ar an 30 Lúnasa 2012, gheobhaidh na Coimisinéirí Ioncaim ar ais luach iomlán an éilimh móide ús ón 1 Eanáir 2013 go dtí an dáta a aisíocfar an tsuim iomlán.

7.2 Ús a Ghearradh ar Ghanníocaíochtaí lena n-áirítear Éilimh Mhíchearta a Rinneadh ar nó i ndiaidh an 6 Feabhra 2011

I ngach cás eile, ina ndéantar gearríocaíocht, lena n-áirítear gearríocaíochtaí ag éirí as éilimh mhíchearta a rinneadh **roimh an 6 Feabhra 2011**, is féidir ús a ghearradh ar an ngearríocaíocht faoi mar a chinnfear í sa bhfoirm P21. Bíonn an t-ús dlite ón dáta a bhí an cháin iníoctha.

Leagtar síos in Alt 960 ACCán 1997 go bhfuil cáin iníoctha ar nó roimh an 30 Meán Fómhair⁴ sa bhliain chánach. Nuair a eisítear foirm P21 tar éis an 30 Meán Fómhair sa bhliain chánach, bíonn an dliteanas dlite agus iníoctha **tráth nach déanaí ná mí amháin** ó dháta an P21.

⁴ I gcás na mblianta cánach roimh 2011 bhí an cháin ioncaim dlite agus iníoctha ar an 31 Deireadh Fómhair.

Sampla:

Eisíodh P21 tar éis an 30 Meán Fómhair sa bhliain chánach:

Cuir is gcás gur éiligh cáiníocóir Creidmheas Teaghlaigh Aontuismitheora don bhliain chánach 2010 ar an 1 Feabhra 2011 agus mar thoradh air sin gur eisíodh P21 agus aisíocaíocht don bhliain 2010 ar an 4 Feabhra 2011. Tar éis idirghabhála chomhlíonta ÍMAT i mí Márta 2013 fuarthas amach go raibh an t-éileamh sin mícheart. Tarraingíodh siar an creidmheas agus eisíodh P21 leasaithe ar an 10 Márta 2013 ina ndearnadh cur síos ar an ngearríocaíocht cánach. Mura n-íoctar an ghearríocaíocht cánach roimh an 10 Aibreán 2013, forchúiteoidh na Coimisinéirí loncaim an ghearríocaíocht cánach móide ús ón 10 Aibreán 2013 go dtí go mbeidh an méid iomlán aisíochta.

8. Pionóis

I gcás ina n-ardaítear pionós, is iad na Coimisinéirí loncaim a ríomhann méid an phionóis go ginearálta, ach é comhaontaithe leis an gcáiníocóir agus íochta. I gcás nach n-aontaíonn cáiníocóir le dliteanas pionóis nó nach n-íocann sé pionós ar aontaigh an duine leis, is ceist atá ann don chúirt a chinneadh an bhfuil an cáiníocóir sin faoi dhliteanas pionóis (feic 8.3 thíos). I gcás go n-eascaíonn pionós, d'fhéadfadh sé bheith ina phionós seasta, pionós seasta maolaithe nó céatadán de cháin ag eascairt ó mhainneachtain.

8.1 Pionós a Ardú

Ní eascróidh pionós i gcásanna:

- Má tharla an mhainneachtain mar gheall ar **earráid neamhurchóideach**
- Gur eascair an mhainneachtain mar gheall ar iompar míchúramach nó **iompar d'aon turas neamh-athfhillteach de chuid cáiníocóra** agus go gceartaítear é laistigh de theorainn ama faoi na nósanna imeachta um fhéincheartú arna leagan amach ag 4.2
- Má tá an earráid sa chatagóir a bhaineann le “**hiompar míchúramach**” agus nach mó ná €6,000 méid iomlán na mainneachtana
- Tá an cáiníocóir básaithe agus níor aontaíodh pionós ar mhainneachtain chánach ó idirghabháil comhlíonta ÍMAT i scríbhinn leis an gcáiníocóir nó lena g(h)níomhaire, nó ní chinneann cúirt ábhartha é roimh bhás an cháiníocóra.

8.2 Méideanna an Phionóis

Beidh na Coimisinéirí loncaim cúramach agus breith á dhéanamh cibé an bhféadfadh an cáiníocóir bheith faoi dhliteanas pionós a íoc in aon chás. Áirítear ar na catagóirí mainneachtana as a dtagann pionóis:

- Iompar míchúramach gan iarmhairtí suntasacha, nó
- Iompar míchúramach le hiarmhairtí suntasacha, nó
- Iompar de bhun tola.

Sonraítear iompar míchúramach le hiarmhairtí suntasacha ó iompar míchúramach gan iarmhairtí suntasacha trí thagairt do mhéid an easnaimh i gcoibhneas leis an dliteanas cánach ceart lena mbaineann, m.sh.

- Sampla A – iompar míchúramach LE hiarmhairtí suntasacha
- Sampla B – iompar míchúramach GAN iarmhairtí suntasacha

| Iompar Míchúramach | Sampla A | Sampla B |
|--|---|---|
| Cáin iníoctha de réir tuairisceán cánach mícheart, abair | €10,000 | €55,000 |
| Cáin dlite i ndeireadh na dála | €30,000 | €63,000 |
| Cáin gearríoctha | €20,000 | €8,000 |
| Pionós | <i>Tá pionós maidir le hiompar míchúramach le hiarmhairtí suntasacha i bhfeidhm, mar téann an cain gearríoctha thar 15% den €30,000 dlite i ndeireadh na dála</i> | <i>Tá pionós maidir le hiompar míchúramach gan iarmhairtí suntasacha i bhfeidhm, mar ní théann an cain gearríoctha thar 15% den €63,000 dlite i ndeireadh na dála</i> |

Leagtar amach in Alt 1065 ACCán 1997 na cúinsí ina féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim, tar éis breith chuí, pionóis a mhaolú.

Tagraíonn an Tábla Pionóis thíos do mhainneachtana a tharlaíonn ar nó tar éis 24/12/2008 más rud é go ndéanann an cáinócoir nochtadh cáilitheach agus freisin le mainneachtana i gcás ndéantar nochtadh cáilitheach.

Eascraíonn dliteanas le pionós céatadáin cáinghiarálte ar an 'difríocht' idir méid na cánach a bheadh iníoctha dá ríomhfaí an cháin de réir an tuairisceáin mhícheart nó bhréagach, agus méid na cánach a bheadh iníoctha dá ríomhfaí é de réir an tuairisceáin fíor agus ceart [Alt 1077E ACCán 1997].

| TÁBLA PIONÓIS | CATAGÓIR IOMPAIR | PIONÓS | NOCHTADH CÁILITHEACH DÉANTA | |
|---|---|--|--|---|
| NOCHTA | | % | COMHOIBRÍÚ IOMLÁN – PIONÓS LAGHDAITHE CHUIG | |
| Gach mainneachtain chánach/dleachta ina bhfuil nochtadh cáilitheach | Tábla pionóis do mhainneachtana cánach/dleachta a tharla ar nó i ndiaidh 24/12/2008 | I gcás nach gcomhoibríonn an cáiníocóir go hiomlán | Nochtadh Cáilitheach Spreagtha agus comhoibriú iomlán – pionós laghdaithe chuig: | Nochtadh Cáilitheach Neamhspreagtha agus comhoibriú iomlán – pionós laghdaithe chuig: |
| Gach nochtadh cáilitheach sa chatagóir seo | <i>lompar¹ míchúramach gan iarmhairtí</i> | 20% | 10% | 3% |
| An chéad nochtadh cáilitheach sna catagóirí seo | <i>lompar míchúramach le hiarmhairtí²</i> | 40% | 20% | 5% |
| | <i>lompar³ de bhun tola</i> | 100% | 50% | 10% |
| An dara nochtadh cáilitheach sna catagóirí seo | <i>lompar míchúramach le hiarmhairtí</i> | 40% | 30% | 20% |
| | <i>lompar de bhun tola</i> | 100% | 75% | 55% |
| An tríú nochtadh cáilitheach nó nochtadh ina dhiaidh sin sna catagóirí sin | <i>lompar míchúramach le hiarmhairtí</i> | 40% | 40% (gan laghdú) | 40% (gan laghdú) |
| | <i>lompar de bhun tola</i> | 100% | 100% (gan laghdú) | 100% (gan laghdú) |
| TÁBLA PIONÓIS | CATAGÓIR IOMPAIR | PIONÓS | NÍ DHEARNADH NOCHTADH | |
| GAN NOCHTADH | | % | COMHOIBRÍÚ IOMLÁN – PIONÓS LAGHDAITHE CHUIG | |
| Gach mainneachtain i gcás nach bhfuil nochtadh cáilitheach | <i>lompar míchúramach gan iarmhairtí</i> | 20% | 15% | |
| | <i>lompar míchúramach le hiarmhairtí</i> | 40% | 30% | |
| | <i>lompar de bhun tola</i> | 100% | 75% | |
| I gcás go ndéantar ‘nochtadh cáilitheach’, ní bheidh an cáiníocóir faoi réir ionchúisimh i ndáil leis an gceist a bhí ina chúis leis an mainneachtain chánach/dleachta ná foilsíú ar liosta na mainnitheoirí cánach. Do tríú nó aon nochtadh cáilitheach ina dhiaidh sin maidir le catagóirí iompair ‘iompar míchúramach le hiarmhairtí suntasacha’ nó ‘de bhun tola’, ní laghdaítear céatadán an phionóis. | | | | |
| Eascraíonn dliteanas le pionós céatadán cháinghiaráilte ar an “difríocht” idir an dliteanas cánach/éileamh cánach ar na tuairisceáin mhíchearta agus chearta | | | | |

- ¹ I reachtaíocht chánach, in ionad ‘iompar míchúramach ...[srí], is é an téarma a úsáidtear ‘míchúramach ach gan a bheith de bhun tola’. Tá na céatadán phionóis mar a leagtar amach sa reachtaíocht.
- ² Mínítear ‘iarmhairtí suntasacha’ in alt 8.2 den Chód Cleachtais seo
- ³ I reachtaíocht chánach, is é an téarma a úsáidtear ‘míchúramach ach gan a bheith de bhun tola’. Tá na céatadán phionóis mar a leagtar amach sa reachtaíocht.

8.3 Pionóis a mheasann Cúirt Ábhartha

I gcás nach dtagtar ar chomhaontú faoi phionós nó sa chás nach n-íoctar pionós comhaontaithe beidh feidhm acu seo a leanas:

Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim Fógra Tuairime a eisiúint chuig an gcáiníocóir ina leagfar amach na cúiseanna go bhfuil pionós infheidhme (**féach Aguisín 3 le haghaidh tuilleadh eolais**),

- Beidh 30 lá ag cáiníocóir chun freagra a thabhairt air
- I gcás nach dtugann an cáiníocóir freagra nó i gcás nach bhfuil aon chomhaontú déanta fós faoi méid an phionóis nó nár íocadh an pionós comhaontaithe, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim iarratas a dhéanamh chuig Chúirt iomchuí i gcomhair cinnidh.

9. Bearta Breise a Bhaineann le Creidmheas Cánach Mícheart a Éileamh

D'fhéadfaí éileamh mícheart a bheith déanta ag duine aonair, ag duine a chuidíonn le duine aonair le toiliú iomlán an duine aonair sin, nó ag duine gan fhios ná toiliú an duine aonair.

I ngach cás is ar **an té a fhaigheann na fáltais** ón éileamh mícheart a bheidh sé na fáltais sin a thabhairt ar ais do na Coimisinéirí Ioncaim.

Maidir le héilimh mhíchearta féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim:

- Aon fháltais a fháil ar ais a fuair duine aonair ar bhonn éilimh mhíchirt
- Ús a ghearradh ar na fáltais a fuarthas ó éilimh mhíchearta ón dháta ar bhain an faighteoir tairbhe den chéad uair ón éileamh mícheart (féach **Cuid 7**)
- Aontaigh ar phionós chun éileamh mícheart a dhéanamh (feic **Tábla Pionóis**).

9.1 Pionóis ar dhaoine a chuidíonn le daoine eile nó a aslaíonn iad

I gcás go gcuidíonn duine go heolach nó go míchúramach nó go meallann sé duine eile le haon ráiteas nó dearbhú mícheart a dhéanamh nó a sheachadadh do na Coimisinéirí Ioncaim, beidh sé nó sí faoi dhliteanas chomh maith pionós seasta €3,000 faoi Alt 864(3) ACCán 1997. Bíonn pionóis don chatagóir seo mainneachtana cánach i bhfeidhm ar bhonn éilimh.

10. Pionóis mar gheall ar Mhainneachtain Tuairisceán Cánach a Sholáthar

Aon duine a chuireann a Chigire Cánach de cheangal air nó uirthi tuairisceán a thabhairt ar a (h)ioncam agus a loiceann é sin a dhéanamh, dlífear pionós seasta €3,000 air nó uirthi faoi Alt 1052 ACCán 1997. Tá an pionós inmhuirearaithe in aghaidh an tuairisceáin. Ina theannta sin, is féidir an pionós a mhéadú go €4,000 in aghaidh an tuairisceáin i gcás go leantar ar aghaidh ag mainneachtain tuairisceán a sholáthar tar éis deireadh na bliana cánach sin ina bhfuair an duine an tuairisceán cánach ón gCigire.

Pionóis Sheasta

I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh duine bheith faoi dhliteanas pionós seasta as teip le dualgas a chomhlíonadh faoi reachtaíocht chánach nó dleachta. Áirítear le samplaí de na pionóis sheasta sin-

Tuairisceáin Mhíchearta

Folaíonn Alt 1055 ACCán 1997 go mbeidh aon duine a chuidíonn le nó a spreagann déanamh nó seachadadh chun aon chríocha cáin ioncaim nó cáin chorparáide in aon tuairisceán, cuntas, ráiteas nó dearbhú mícheart dlite do phionós €4,000.

Folaíonn Alt 1078(2)(b) ACCán 1997 gur cion coiriúil a bheidh ann 'go gcabhróidh nó go neartóidh nó go gcuideoidh' aon duine go feasach le duine eile chun aon tuairisceán nó ráiteas mícheart nó aon chuntais mhíchearta i ndáil le haon cháin a thabhairt.

Is é rún na gCoimisinéirí loncaim ionchúiseamh a bhreith faoi Alt 1078 sna cúinsí cúí.

11. Foilsiú

Gabhann oibleagáid le hAlt 1086 d'Acht um Cháin Láimhdeachais, 1997 ar na Coimisinéirí loncaim liosta a fhoilsiú d'ainm, de sheoladh agus de ghairm gach cáiníocóra, laistigh de thrí mhí de dheireadh gach ceathrú:

- ar ar ghabh nó a mheas cúirt fíneáil nó pionós eile faoi aon cheann de na hAchtanna maidir le nithe a bhaineann le cáin nó dleacht le linn na ceathrún sin. Má tá cáiníocóir infhoilsithe faoin gcatagóir seo, foilseofar an méid cánach a chinneann an chúirt a bheith sa pionós, má íoctar an cháin nó pionós nó mura n-íoctar,
- más rud é gur chomhaontaigh na Coimisinéirí loncaim le cáiníocóir staonadh ó nósanna a thosú chun aon fhíneáil nó pionós a ghnóthú agus gur ghlac siad suim airgid ar leith i socraíocht de haon éileamh ó na Coimisinéirí loncaim le haghaidh:
 - (i) cáin nó dleacht a íoc,
 - (ii) ús ar an gcáin nó dleacht sin a íoc, agus
 - (iii) fíneáil nó pionós airgeadaíochta eile maidir leis an gcáin nó dleacht sin lena n-áirítear pionóis maidir leis an teip tuairisceáin nó doiciméid eile a chur ar fáil a bhain leis an gcáin nó dleacht sin. Ach, ní fhoilseoidh na Coimisinéirí loncaim na nithe seo a leanas:
- cásanna ina nglactar le nochtadh cáilitheach; [Alt 1086 (4)(a) den ACCán 1997]
- cásanna ina bhfuil suim ar leith dá dtagraítear in alt (c) nó (d) d'Alt 1086 fo-alt (2) nach ngabhann thar €33,000
- cásanna nach ngabhann an pionós (comhaontaithe le cáiníocóir nó measta ag cúirt) thar 15% den mhéid den cháin dlite dá réir sin.

Cuirfear in iúl don cháiníocóir (agus don ghníomhaire, más ábhartha) go bhfoilseofar an socrú chomh maith le sonraí an tsocraithe. Ní amháin go bhfoilseofar ainm agus seoladh an cháiníocóra ach foilseofar sonraí faoi mhéid na cánach agus slí beatha an cháiníocóra mar aon le faisnéis faoin mhainneachtain féin agus faoin ús atá le híoc agus an pionós a ghearradh.

12. Méideanna breise a íoc

Tá roinnt bealaí ann inar féidir le cáiníocóirí íocaíochtaí socraíochta a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim de thoradh idirghabhála comhlíonta. Is féidir íocaíochtaí a dhéanamh go slán trí moChúrsaí le:

- cárta dochair
- cárta creidmheasa, nó
- dochar aonuaire – ‘Treoir um Dhochar Aonair’ – le cuntas bainc.

D’fhéadfadh sé tarlú ó am go chéile, nach mbeadh na hacmhainní airgeadais ag cáiníocóir chun íocaíocht amháin a dhéanamh mar réiteach ar an bhfiachais le híoc a aithníodh le linn idirghabhála comhlíonta. Sna cásanna sin, d’fhéadfadh na Coimisinéirí Ioncaim socrú a dhéanamh go n-íocfar an tsuim gan íoc thar thréimhse ghearr ama. Déantar é sin de ghnáth trí íocaíochtaí míosúla nó trí chreidmheasanna cánach an té sin a laghdú san am atá le teacht. Má shocraítear go ndéanfar íocaíocht chéimnithe nó go laghdófar creidmheasanna cánach san am atá le teacht beidh ús inmhuirearaithe go dtí go n-íocfar an t-iarhmhéid atá gan íoc go hiomlán.

Má fhaigheann cáiníocóir amach gur gá dó nó di iarratas a dhéanamh chuig na Coimisinéirí Ioncaim chun na riaráistí a íoc i dtráthchodanna míosúla, ba cheart dó nó di scríobh chuig an gcásoibrí atá ag déileáil leis nó léi agus na forais atá le socrú íocaíochta céimnithe a mhíniú. Ba cheart don cháiníocóir aon doiciméid thacaíochta is gá a sholáthar le tacú lena (h)iarratas. D’áireofaí iad seo a leanas mar dhoiciméadacht den sórt sin:

- Sonraí faoi cé chomh fada a mhairfeadh aon socrú íocaíochta céimnithe den sórt sin
- Ráiteas faoina c(h)úrsaí airgeadais ina gcuireann sé nó sí síos ar a c(h)úrsaí ioncam agus eisíocaíochtaí
- Liosta de na sócmhainní go léir atá aige nó aici agus an fáth nár diúscaíodh na sócmhainní sin chun íoc as an ndlíteanas
- Míniú cén fáth nach féidir iasacht a fháil chun an dlíteanas a ghlanadh nó fianaise gur diúltaíodh d’iarratas ar iasacht.

Beidh ar aon cáiníocóir ÍMAT a ndéanann na Coimisinéirí Ioncaim socrú leis nó léi chun íocaíochtaí céimnithe a dhéanamh na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Comhaontú a shíniú leis na Coimisinéirí Ioncaim go gcloífidh sé nó sí le téarmaí agus coinníollacha áirithe (féach **Aguisín 4** le haghaidh cóip den Fhoirm Chomhaontaithe)
- Socrú dochair dhírigh a dhéanamh chun íocaíochtaí míosúla a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim as a c(h)untas bainc
- Aontaigh chun táille úis a íoc thar téarma na tréimhse íocaíochta. Ní mór go n-áireofaí íocaíocht an dlíteanais móide ús thar téarma an chomhaontaithe mar aon le haon phionóis a aontaíodh agus aon ús dlíte go dtí dáta an chomhaontaithe a bheith san áireamh in íocaíochtaí tráthchoda.

13. Éilimh maidir le “hÉagumas Íocaíocht a Dhéanamh”

Tarlóidh sé ó am go chéile nach mbeidh acmhainní airgeadais ag an gcáiníocóir a chuirfeadh ar a c(h)umas a d(h)líteanas a íoc ina iomláine.

Is iad sócmhainní an cháiníocóra agus an méid a thuileann sé nó sí mar aon le haon fhoinsí ioncaim eile atá aige nó aici a chinntíonn cad é an an méid is mó is féidir leis nó léi a íoc.

Má tá “éagumas íocaíocht a dhéanamh” á éileamh ag an gcáiníocóir is ar féin atá sé an t-éagumas sin a léiriú chun sástachta na gCoimisinéirí Ioncaim.

D’fhéadfadh aon cheann nó gach ceann de na nithe seo a leanas, de réir mar a mheasann an cáiníocóir a bheith cuí, a bheith san áireamh mar fhianaise dhoiciméadach maidir le héagumas íocaíocht a dhéanamh:

- Doiciméad faoi thairiscint fhoirmiúil socraíochta
- Sonraí faoi chúrsaí airgeadais an cháiníocóra ina gcuireann sé nó sí síos ar a c(h)úrsaí ioncam agus eisíocaíochtaí
- Liosta de na sócmhainní go léir atá aige nó aici agus an fáth nár diúscaíodh na sócmhainní sin chun íoc as an ndlíteanas
- Míniú cén fáth nach féidir iasacht a fháil chun an dlíteanas a ghlanadh nó fianaise gur diúltaíodh d’iarratas ar iasacht.

Scrúdóidh an cásoibrí an t-éileamh maidir le héagumas íocaíocht go mion. Ní ghlacfar le héilimh mar sin mura mbíonn fianaise dhoiciméadach mar bhonn taca leo. Má bhíonn éileamh á dhéanamh ag cáiníocóir ar na Coimisinéirí Ioncaim maidir le héagumas íocaíocht a dhéanamh ba cheart gach fhianaise a thacóidh leis an éileamh sin a bheith san áireamh in aon aighneacht chuimsitheach amháin.

I ngach cás ina n-éiríonn le cáiníocóir a chruthú nach bhfuil sé nó sí in ann íocaíocht a dhéanamh rachfar sa tóir ar an té sin arís má thagann feabhas ar a chúrsaí airgeadais.

14. Ionchúiseamh cásanna ina bhfuil calaois i gceist

Féadfaidh na Coimisinéirí loncaim tús a chur le himscrúdú cánach d'fhonn imeachtaí coiriúla a thionscnamh in aghaidh cáiníocóra ÍMAT má oireann sé sin d'imthosca an cháis **nó má bhíonn amhras orthu go bhfuil cion déanta**. Ní tharlóidh sé sin de gnáth ach amháin i gcásanna tromchúiseacha calaoise. I gcás inar follas ó fhíricí agus ó imthosca uile an cháis gur tharla an mhainneachtain mar gheall ar earráid neamhurchóideach nó de bharr easpa cúraim an cháiníocóra, ní dócha ndéanfaidh na Coimisinéirí loncaim an cás a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Déanann an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí cinneadh cibé ar cheart cás a ionchúiseamh nó nár cheart.

Tabhair faoi deara freisin go bhféadfaí dul ar aghaidh le cásanna a thosaíonn mar idirghabháil chomhlíonta, lena n-áirítear iniúchadh, d'fhonn cás dlí a thabhairt. Sa chás go nglacann na Coimisinéirí loncaim áfach le nochtadh cáilitheach, ní iniúchfar an cáiníocóir d'fhonn cás dlí a thabhairt.

Is iad na himpleachtaí um ionchúiseamh coiriúil atá ann do cháiníocóir ÍMAT, anuas ar cháin bhreise, ús agus pionóis aontaithe a íoc, féadfar fíneáil nó téarma príosúin nó an dá rud a ghearradh air nó.

Aguisín 1 – Tairiscint Réitigh

Tairgimse, ó

€mar shocrú maidir le:

a) Cáin Ioncaim don bhliain (do na blianta) €

b) MSU don bhliain (do na blianta) €

c) Ús ar an méid thuas €

d) Pionóis ar an méid thuas €

| |
|-----------|
| lomlán: € |
|-----------|

Admhaím, sa chás go mbeidh mé faoi réir na gcritéar* a bhaineann le foilsiú faoi Alt 1086 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, go bhfoilseofar m'ainm i Liosta na Mainnitheoirí Cánach.

Sínithe..... Dáta.....

Finné..... Dáta.....

* Is iad seo a leanas na critéir fhoilsitheoireachta:

- Ní dhearnadh nochtadh cáilitheach ar mhainneachtain cánach, agus
- Tá comhaontú déanta maidir le socrú, agus
- Tá na trí eilimint de cháin, ús agus pionóis i láthair, agus
- Ní théann méid na socraithe sin thar €33,000, agus
- Tá an pionós níos mó ná 15% den cháin atá sa socrú.

Aguisín 2 – Tábla na bPionós

| TÁBLA PIONÓIS | CATAGÓIR IOMPAIR | PIONÓS | NOCHTADH CÁILITHEACH DÉANTA | |
|--|---|--|--|---|
| NOCHTA | | % | COMHOIBRÍÚ IOMLÁN – PIONÓS LAGHDAITHE CHUIG | |
| Gach mainneachtain chánach/dleachta ina bhfuil nochtadh cáilitheach | Tábla pionóis do mhainneachtana cánach/dleachta a tharla ar nó i ndiaidh 24/12/2008 | I gcás nach gcomhoibríonn an cáiníocóir go hiomlán | Nochtadh Cáilitheach Spreagtha agus comhoibriú iomlán – pionós laghdaithe chuig: | Nochtadh Cáilitheach Neamhspreagtha agus comhoibriú iomlán – pionós laghdaithe chuig: |
| Gach nochtadh cáilitheach sa chatagóir seo | <i>lompar¹ míchúramach gan iarmhairtí</i> | 20% | 10% | 3% |
| An chéad nochtadh cáilitheach sna catagóirí seo | <i>lompar míchúramach le hiarmhairtí²</i> | 40% | 20% | 5% |
| | <i>lompar³ de bhun tola</i> | 100% | 50% | 10% |
| An dara nochtadh cáilitheach sna catagóirí seo | <i>lompar míchúramach le hiarmhairtí</i> | 40% | 30% | 20% |
| | <i>lompar de bhun tola</i> | 100% | 75% | 55% |
| An tríú nochtadh cáilitheach nó nochtadh ina dhiaidh sin sna catagóirí sin | <i>lompar míchúramach le hiarmhairtí</i> | 40% | 40% (gan laghdú) | 40% (gan laghdú) |
| | <i>lompar de bhun tola</i> | 100% | 100% (gan laghdú) | 100% (gan laghdú) |
| TÁBLA PIONÓIS | CATAGÓIR IOMPAIR | PIONÓS | NÍ DHEARNADH NOCHTADH | |
| GAN NOCHTADH | | % | COMHOIBRÍÚ IOMLÁN – PIONÓS LAGHDAITHE CHUIG | |
| Gach mainneachtain i gcás nach bhfuil nochtadh cáilitheach | <i>lompar míchúramach gan iarmhairtí</i> | 20% | 15% | |
| | <i>lompar míchúramach le hiarmhairtí</i> | 40% | 30% | |
| | <i>lompar de bhun tola</i> | 100% | 75% | |
| I gcás go ndéantar 'nochtadh cáilitheach', ní bheidh an cáiníocóir faoi réir ionchúisimh i ndáil leis an gceist a bhí ina chúis leis an mainneachtain chánach/dleachta ná foilsíú ar liosta na mainnitheoirí cánach. Do tríú nó aon nochtadh cáilitheach ina dhiaidh sin maidir le catagóirí iompair 'lompar míchúramach le hiarmhairtí suntasacha' nó 'de bhun tola', ní laghdaítear céatadán an pionóis. | | | | |
| Eascaíonn dliteanas le pionós céatadán cháinghiaráilte ar an "difríocht" idir an dliteanas cánach/éileamh cánach ar na tuairisceáin mhíchearta agus chearta | | | | |

¹ I reachtaíocht chánach, in ionad 'lompar míchúramach ...[srl]', is é an téarma a úsáidtear 'míchúramach ach gan a bheith de bhun tola'. Tá na céatadán phionóis mar a leagtar amach sa reachtaíocht.

² Mínítear 'iarmhairtí suntasacha' in alt 8.2 den Chód Cleachtais seo

³ I reachtaíocht chánach, is é an téarma a úsáidtear 'míchúramach ach gan a bheith de bhun tola'. Tá na céatadán phionóis mar a leagtar amach sa reachtaíocht.

Aguisín 3 – Fógra Tuairime

Beidh mionsonraí maidir leo seo a leanas san áireamh sa bhFógra Tuairime:

- na forálacha faoina ngearrtar an pionós,
- na himthosca faoina bhfuil an duine sin faoi dhliteanas an phionóis,
- méid an phionóis atá dlite i gcás an duine sin, agus
- cibé sonraí eile a mheasfaidh na Coimisinéirí Ioncaim a bheith riachtanach.

I gcás pionós atá dírithe ar chúrsaí áirithe cánach, ní mór méid na cánach atá dlite a thabhairt chun críche sula ndéantar Fógra Tuairime a eisiúint.

Féadfaidh cásoibrí Tuairim a leasú uair ar bith agus fógra faoin Tuairim leasaithe a thabhairt don cháiníocóir (nó do ghníomhaire an cháiníocóra) sa tslí chéanna ar tugadh an Fógra Tuairime bunaidh a bhfuil cuntas imlíne air thuas. [Alt 1077B(2) ACCán 1997]

Bainfidh gach Réigiún agus Ceantar de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim leas as Fógra Tuairime caighdeánach ar mhaithe le comhsheasmhacht agus le héascaíocht riaracháin. Eiseofar gach Fógra Tuairime le **ceadú sainráite i scríbhinn ó Phríomh-Oifigeach nó duine a bhfuil grád níos airde aige nó aici ná Príomh-Oifigeach.**

Nuair atá na Coimisinéirí Ioncaim ag iarraidh méid an phionóis atá dírithe ar chúrsaí áirithe cánacha cuirfidh siad san áireamh cé acu an bhfuil nochtadh déanta cheana nó ar chomhoibrigh an cáiníocóir leo cheana.

Eiseofar Fógra Tuairime chuig an gcáiníocóir (nó do ghníomhaire an cháiníocóra).

I gcás nach dtugann cáiníocóir freagra ar chomhfhreagras a bhaineann le Fógra Tuairime na gCoimisinéirí Ioncaim, ní féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim glacadh leis nó cinneadh a dhéanamh go bhfuil an cáiníocóir faoi dhliteanas pionóis – braithfidh sé sin ar chinneadh na cúirte ábhartha. [Alt 1077A, Alt 1077B agus Alt 1077C ACCán 1997]

Aguisín 4 – Foirm do Chomhaontú faoi Shocrú maidir le hÍocaíocht Chéimnithe

Uimhir PSP:

Ainm:

Seoladh:

Admhaím leis seo an fiach atá orm maidir le cáin ioncaim, MSU, ús agus pionóis mar a thaispeántar thall agus aontaím €xxxxx a íoc trí YY íocaíocht míosúla dochair díriú de €xxxxx in aghaidh na míosa ag tosú ar LL/MM/BB.

Mura gcomhlíontar na téarmaí thuas go cruinn beacht, déanfar gach cáin agus ús reachtúil atá dlíte go dtí dáta an ghnímh forfheidhmiúcháin a bhailiú.

Ní bheidh na Coimisinéirí Ioncaim faoi cheangal ag an gcomhaontú seo mura mbíonn an fhoirm seo comhlánaithe, sínithe agus seolta ar ais laistigh de 15 lá, mar aon le sainordú comhlánaithe maidir le hÍocaíocht dochair dhíriú.

Sínithe: _____

Dáta: _____

Ba cheart aon fhiosrú faoin gcomhaontú seo a sheoladh chuig XXXXX ag 1234567.

Aguisín 5 – An Reachtaíocht i leith Cumhachtaí agus Pionós

Leagtar amach san Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 na cumhachtaí atá ag oifigh na gCoimisinéirí Ioncaim agus na pionóis atá infheidhme má tharlaíonn mainneachtain chánach.

| | |
|------------------|--|
| Alt 864 | <i>Éilimh a dhéanamh, pionós, srl</i> Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim cinneadh faoi gach éileamh. Dlífear pionós €3,000* ar éilimh mhíchearta |
| Alt 876 | <i>Fógra maidir le Dlíteanas Cánach Ioncaim</i> Ba cheart do dhuine aonair atá faoi dhliteanas cánach é sin a chur in iúl do na Coimisinéirí Ioncaim laistigh de bhliain amháin ó dheireadh aon bhliana a mbíonn dliteanas air nó uirthi |
| Alt 877 | <i>An ceangal tuairisceán a sheachadadh</i> |
| Alt 886A | <i>Coinneáil agus iniúchadh taifead i ndáil le héilimh ó dhaoine aonair</i> Coimeádfaidh duine aonair gach taifead den sórt sin a a d'fhéadfadh a bheith riachtanach dó nó di chun éileamh cruinn, iomlán a dhéanamh. Sonraítear leis tréimhse fógra 30 lá chun go gcuirfidh cáiníocóir taifid ar fáil |
| Alt 900 | <i>Cumhachtaí leabhair, faisnéis, srl a éileamh*</i> |
| Alt 902 | <i>Faisnéis a bheidh le tabhairt ag tríú páirtí: iarratas ó oifigeach údaraithe*</i> |
| Alt 933 | <i>Achomhairc in aghaidh mheasúnachtaí</i> |
| Alt 949 | <i>Ceart an Cháiníocóra Achomharc a Dhéanamh</i> Leagtar amach ann na coinníollacha a bhaineann le hachomharc a dhéanamh agus na ceanglais maidir le hachomharc |
| Alt 959B | <i>Forálacha léirithe forlíontacha</i> Miníonn na daoine nach daoine imhuirearaithe iad |
| Alt 959Y | <i>Measúnú déanta nó leasaithe ag oifigeach Cánach</i> An cheart ag na Coimisinéirí Ioncaim measúnú a dhéanamh nó a leasú |
| Alt 959Z | <i>An cheart ag Oifigeach Cánach fiosruithe a dhéanamh</i> |
| Alt 959AB | <i>Teorainneacha ama ar mheasúnú agus ar mheasúnú de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim</i> |
| Alt 959AD | <i>Measúnú agus measúnú de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim áit a bhfuil calaois nó faillí</i> |

| | |
|-------------------|--|
| Alt 959AF | <i>Achomharc maidir le teorainn ama ar mheasúnú déanta nó leasaithe ag oifigeach Cánach</i> |
| Alt 959AI | <i>Níl cead achomhairc in aghaidh méideanna comhaontaithe</i> |
| Alt 959AJ | <i>Forais um achomhairc</i> |
| Alt 959AK | <i>Achomharc in aghaidh measúnú leasaithe</i> |
| Alt 959AL | <i>Rialacha eile</i> An méid cánach atá le híoc roimh achomharc |
| Alt 960 | <i>Dáta íocaíochta na cánach ioncaim seachas faoi fhéinmheasúnú</i> I gcás éilimh mhíchirt tar éis na bliana measúnachta, bíonn cáin ioncaim dlite agus iníochta ar an dáta sin ar tugadh an aisíocaíocht |
| Alt 960Q | <i>Aisghabháil suimeanna a fuair duine tar éis chuntas míchearta a thaisceadh, srl</i> Aisíocfar gach suim airgid a fuarthas ar bhonn éilimh mhíchirt |
| Alt 997(3) | <i>Forálacha Forlíontacha (Caibidil 4)</i> Foráil í seo go bhféadfar P21 (Ráiteas faoi Dhliteanas i leith fostaí) a ghlacadh mar mheasúnú chun críche Achomhairc |
| Alt 1052 | <i>Pionóis maidir le teip tuairisceáin áirithe a dhéanamh</i> |
| Alt 1055 | <i>Pionós a bhaineann le cabhrú tuairisceáin mhíchearta, srl a dhéanamh</i> |
| Alt 1065 | <i>Pionóis á Maolú ag na Coimisinéirí Ioncaim</i> Leagtar amach anseo na himthosca sin inar féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim pionóis a mhaolú |
| Alt 1077A | <i>Pionóis a Chinneadh agus Pionóis a Aisghabháil</i> Is í cúirt ábhartha a chinnfidh an pionós atá dlite i gcás gach mainneachtana cánach nuair nach ndéantar comhaontú faoi phionós agus nuair nach n-íoctar é |
| Alt 1077B | <i>Pionós i leith tuairisceáin mhíchearta, srl a dhéanamh d'aon ghnó nó le míchúram</i> |
| Alt 1077C | Leagann amach na coinníollacha a bhaineann le nochtadh cáilitheach agus pionóis atá dírithe ar chúrsaí áirithe cánach |
| Alt 1077E | |
| Alt 1078 | <i>Cionta maidir le cúrsaí cánach*</i> |

| | |
|-----------------|--|
| Alt 1080 | <i>Ús ar Cháin Ioncaim, ar Cháin Chorparáide agus ar Cháin Ghnóthachan Caipitiúil thar téarma</i> Rátaí úis a ghearrtar ar fhiacha thar téarma |
| Alt 1086 | <i>Foilsíú Ainmneacha na Mainnitheoirí Cánach</i> Leagtar amach anseo na dálaí ina bhfoilsítear ainmneacha mainnitheoirí cánach |

* Oifigigh Údaraithe Amháin